

## Eolas

**Ionad:** Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua

**Am:** 9.30 am go dtí 2.30 pm, Luan go hAoine (30 Meitheamh – 11 Iúil 2014)

Beidh dhá ghrúpa ann a bheidh roinnte de réir aoise.

**Grúpa A:** 12 - 15 bliana d'aois

**Grúpa B:** 15 - 18 mbliana d'aois

### Táillí:

*(Clúdaíonn na táillí seo na gnáthsheisiúin agus costais, t-léine,  
DVD agus turas ar chomhlachtaí cumarsáide)*

Gasúr amháin: €70

Beirt ghasúr: €130 (lascaine chlainne)

Triúr gasúr: €180 (lascaine chlainne)

**Beidh lón le tabhairt leo ag na rannpháirtithe féin gach lá**

Ó tharla go bhfuil lón teoranta áiteanna ar na campaí seo, moltar na foirmeacha iarratais a sheoladh ar ais a luaithe agus is féidir chuig:

**An Stiúrthóir**

**An Campa Cumarsáide (Tuismitheoirí na Gaeltachta)**

**Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge**


**An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe**

Breis eolais le fáil ach glaoh ar 087 3382885 nó seol ríomhphost chuig [tuismitheoirinagaeltachta@gmail.com](mailto:tuismitheoirinagaeltachta@gmail.com)

# Campaí Samhraidh 2014



**Tuismitheoirí na Gaeltachta i gcomhar le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge**



30 Meitheamh – 11 Iúil 2014

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,

An Cheathrú Rua

**ACADAMH**  
na hOllscolaíochta Gaeilge

**Campaí Samhraidh**  
Séim na gCampaí Samhraidh  
Eirí-Ghacilge d'Aoi na Gaeltachta

Ainm an déagóra: \_\_\_\_\_

Dáta Breithe: \_\_\_\_\_

Scoil: \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

Ainm an Tuismitheora / Chaomhnóra: \_\_\_\_\_

Seoladh ríomhphoist (an tuismitheora): \_\_\_\_\_

Fón Baile: \_\_\_\_\_

Fón póca: \_\_\_\_\_

Ainm agus uimhir i gcás éigeandála: \_\_\_\_\_

Sonraí leighis/ailléirge: \_\_\_\_\_

Dochtúir Teaghlaigh (ainm & uimhir): \_\_\_\_\_

Tugaim cead grianghraf / taifead a dhéanamh de mo mhac/iníon le linn an chúrsa agus tá mé sásta mo bheannacht a thabhairt an t-ábhar seo a chrochadh ar shuíomh idirlín (ní chrochfar aon ábhar gan beannacht na ndéagóirí a fháil roimh ré).

Tá an campa seo dírithe ar dhéagóirí atá á dtógáil le Gaeilge. Dearbhaím gurb í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh sa mbaile.

Dearbhaím go bhfuil an cód teanga agus iompair (thall) léite agus mínithe agam do mo mhac/iníon agus go bhfuilim sásta glacadh leis.

**Síniú an tuismitheora/ chaomhnóra:**

\_\_\_\_\_

## Cód Teanga

Tá deontas á fháil ag an gcampa seo ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta faoi Scéim na gCampaí Samhraidh ar an gcoinníoll gur trí Ghaeilge ar fad atá sé rite. Cuirfear cód teanga agus iompair i bhfeidhm agus tá sé tábhachtach go mbeadh na tuismitheoirí agus na rannpháirtithe ar an eolas faoi seo agus an fhoirm ina leith sínithe ag an tuismitheoir / caomhnóir. Díritear d'aird ar an méid seo a leanas:

### An Ghaeilge

- Is í an Ghaeilge teanga na gcampaí seo agus iarrtar ar thuismitheoirí / ar chaomhnóirí é seo a chur in iúl dá gclann.
- Níor mhór do gach uile dhuine atá cláraithe ar an gcampa Gaeilge a labhairt.
- Is féidir rannpháirtithe a chur abhaile láithreach gan aon aisíocaíocht ar an táille má labhraíonn siad Béarla ar bhonn leanúnach.

**Beidh conradh le síniú ag gach déagóir ag tús an chúrsa ag dearbhú go nglacann siad leis na polasaithe teanga agus iompair.**

### Cód Iompair

- Tá sé de cheart ag gach uile dhuine sásamh agus tairbhe a bhaint as na campaí samhraidh agus ní ghlacfar le hiompar ar bith a chuireann as don eispéireas seo.
- Cuirfear abhaile aon rannpháirtí a dhiúltaíonn glacadh le stiúir agus treoracha na dteagascóirí.
- Ní ghlacfar le bulaíocht d'aon chineál agus cuirfear abhaile aon rannpháirtí a bhagraíonn foréigean ar rannpháirtithe eile nó ar aon bhall foirne.
- Cuirfear abhaile aon rannpháirtí a fhágann limistéar an champa gan chead.

**Tá sé de chead ag stiúrthóirí an champa aon rannpháirtí a sháraíonn na polasaithe teanga agus iompair a sheoladh abhaile gan aon aisíocaíocht táille.**